Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7544/26**

**COPEN 100**
**COTER 39**
**CT 37**
**ENFOPOL 105**
**JAI 378**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 136 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 136 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 136 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.3.2026
COM(2026) 136 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

### Cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra reatha údarú a fháil ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh (‘an Chomhairle’) don Choimisiún Eorpach (‘an Coimisiún’) chun an Prótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc (‘an Coinbhinsiún’) a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh[1].

Cuirfidh an Coimisiún togra isteach le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún an Prótacal a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. I dteannta a chéile, déanann na tograí sin obair leantach ar ghealltanas an Choimisiúin maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[2].

Is feiniméan domhanda í an sceimhlitheoireacht agus is bagairt í atá ag dul i méid, bagairt ar chearta bunúsacha, ar an daonlathas agus ar an smacht reachta san Eoraip agus ar fud an domhain. Bhí na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le blianta beaga anuas san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile ar domhan ina sáruithe doghlactha ar na luachanna agus ar na prionsabail atá ina mbonn agus ina dtaca ag sochaithe daonlathacha.

Cé go bhfuil níos lú ionsaithe comhordaithe ar mhórscála feicthe ag an Aontas, níl an bhagairt imithe i léig - tá forbairt tagtha uirthi. Idir 2019 agus 2023, tháinig méadú níos mó ná faoi dhó ar an líon teagmhas sceimhlitheoireachta (ó 57 go 120), sular thit sé go 58 in 2024[3]. Ba iad aisteoirí aonair agus mionchealla is mó a bhí freagrach as ionsaithe a rinneadh le déanaí. Tá leibhéal foriomlán na bagartha fós ard, agus tá sé á mhúnlú ag tionscnóirí bagartha atá ag iolrú.

I bhfianaise na bagartha sin atá ag síorleathnú agus a bhuaine atá sí, is gá bearta críochnaitheacha a dhéanamh i gcoinne na sceimhlitheoireachta, ní hamháin ar an leibhéal náisiúnta, ach ar an leibhéal Eorpach, uile-Eorpach agus ar scála níos leithne ná sin féin. Ós rud é gur minic a théann an sceimhlitheoireacht thar theorainneacha, tá gá le comhar láidir idirnáisiúnta ar bhonn comhthuiscint ar chionta sceimhlitheoireachta.

Is é is cuspóir don Phrótacal an sainmhíniú ar ‘chionta sceimhlitheoireachta’ i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc a mhodhnú chun a léiriú go bhfuil sceimhlitheoirí comhaimseartha imithe níos faide ná na spriocanna traidisiúnta agus na *modus operandi* is ábhar do chonarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta dá dtagraítear faoi láthair in Airteagal 1 den Choinbhinsiún. Cumhdaítear leis na conarthaí sin de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta cionta sonracha amhail urghabháil neamhdhleathach aerárthaí, buamáil sceimhlitheoireachta nó gabháil giall. Mar sin féin, tá raon feidhme na gcionta a chumhdaítear ann uileghabhálach agus ní féidir réaltacht thírdhreach na sceimhlitheoireachta nua-aimseartha a léiriú leis.

---

1 Beidh téacs an Phrótacail i gceangal leis an togra seo.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Clár oibre chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac COM(2026) 101 final

3 TE-SAT 2025: Europol, Tuarascáil 2025 an Aontais Eorpaigh maidir le Staid agus Treochtaí na Sceimhlitheoireachta (TE-SAT), mí an Mheithimh 2025.

Leis an bPrótacal, déanfar creat dlíthiúil Chomhairle na hEorpa maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a nuachóiriú agus áiritheofar go léireofar leis an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta an *modus operandi* fairsing atá curtha chun úsáide ag sceimhlitheoirí comhaimseartha. Thairis sin, leis an sainmhíniú a thabharfar isteach leis an bPrótacal, áiritheofar deimhneacht dhlíthiúil trí choinníollacha dlíthiúla a thabhairt isteach nach mór a chomhlíonadh ionas gur cion sceimhlitheoireachta a bheidh i ngníomh coiriúil, amhail intinn, tairseach tromchúise agus déanamh an ghnímh agus aidhmeanna sceimhlitheoireachta leis ('intinn shonrach').

A luaithe a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm, bunófar leis freisin sainmhíniú uile-Eorpach ar chionta sceimhlitheoireachta atá comhoiriúnach le sainmhíniú an Aontais atá in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Leis an sainmhíniú nua uile-Eorpach ar chionta sceimhlitheoireachta, cuirfear breisluach substainteach ar fáil don chomhar breithiúnach, don chúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus d'iarrataí ar eiseachadadh i réimse chomhrac na sceimhlitheoireachta i measc Stáit Chomhairle na hEorpa a shíníonn agus a dhaingníonn an Prótacal.

**Cúlra**

Shínigh an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('Coinbhinsiún Uimh. 196') agus an Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('Coinbhinsiún Uimh. 217') an 22 Deireadh Fómhair 2015 agus dhaingnigh sé iad an 26 Meitheamh 2018. Tháinig an Coinbhinsiún agus an Prótacal Breise araon i bhfeidhm san Aontas Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2018. An 21 Eanáir 2026, bhí Coinbhinsiún Uimh. 196 daingnithe ag 25 Bhallstát den Aontas[4].

Baineann Coinbhinsiún Uimh. 196 le coiriúlú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus baineann sé chomh maith le comhar idirnáisiúnta maidir le cionta den chineál sin agus cosaint, cúiteamh agus tacaíocht d'íospartaigh na sceimhlitheoireachta. In Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 tá sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' trí thagairt a dhéanamh do ghníomhartha a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196. Liostaítear i bhFoscríbhinn I roinnt conarthaí de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta, mar atá:

- An Coinbhinsiún chun Cosc a chur le hUrghabháil Neamhdhleathach Aerárthaí, a síníodh sa Háig an 16 Nollaig 1970;
- An Coinbhinsiún chun Cosc a chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na hEitlíochta Sibhialta, a tugadh i gcrích i Montréal an 23 Meán Fómhair 1971;
- An Coinbhinsiún maidir le Cosc agus le Pionósú Coireanna in aghaidh Daoine atá Cosanta ar Bhonn Idirnáisiúnta, lena n-áirítear Gníomhairí Taidhleoireachta, a glacadh i Nua-Eabhrac an 14 Nollaig 1973;
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta i gcoinne Gialla a Ghabháil, a glacadh i Nua-Eabhrac an 17 Nollaig 1979;

[4] Tá Coinbhinsiún Uimh 196 daingnithe ag gach Ballstát den Aontas Eorpach cé is moite den Ghréig agus d'Éirinn.

- An Coinbhinsiún maidir le Cosaint Fhisiciúil Ábhair Núicléach, a glacadh i Vín an 3 Márta 1980;
- An Prótacal maidir le cosc a chur le gníomhartha neamhdhleathacha foréigin in aerfoirt a fhónann don eitlíocht shibhialta idirnáisiúnta, arna dhéanamh i Montréal an 24 Feabhra 1988;
- An Coinbhinsiún maidir le cosc a chur le gníomhartha neamhdhleathacha in aghaidh shábháilteacht na loingseoireachta muirí, arna dhéanamh i Montréal an 10 Márta 1988;
- An Prótacal chun Cosc a Chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Sábháilteacht Ardán Seasta atá Suite ar an Scairbh Ilchríochach, arna dhéanamh sa Róimh an 10 Márta 1988;
- An Coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le buamáil sceimhlitheoireachta a dhíchur, a glacadh i Nua-Eabhrac an 15 Nollaig 1997;
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta chun maoiniú sceimhlitheoireachta a dhíchur, a glacadh i Nua-Eabhrac an 9 Nollaig 1999;
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléiche a Dhíchur, a glacadh i Nua-Eabhrac an 13 Aibreán 2005.

San Aontas Eorpach, bunaítear rialacha íosta le Treoir (AE) 2017/541 maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainmhíniú i réimse na gcionta sceimhlitheoireachta; cionta a bhaineann le grúpa sceimhlitheoireachta agus cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta san Aontas Eorpach. In Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 liostaítear na gníomhartha intinniúla coiriúla a d'fhéadfadh damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' nuair a dhéantar iad chun ceann d'aidhmeanna na sceimhlitheoireachta a shonraítear san Airteagal a bhaint amach. I gcomparáid leis sin, sa sainmhíniú atá in Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196, níl liosta sainráite de ghníomhartha coiriúla a mheastar a bheith ina 'gcionta sceimhlitheoireachta' agus tá tagairt ghinearálta ann do na gníomhartha atá sonraithe i gconarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, nach sainmhíniú dlí cuimsitheach ná soiléir é. Thairis sin, ní chuimsítear na haidhmeanna sceimhlitheoireachta i gCoinbhinsiún Uimh. 196. Dá bhrí sin, tá difríochtaí suntasacha idir an sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' in Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 agus an sainmhíniú atá in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541.

In 2017, chun an bhagairt sceimhlitheoireachta a chur san áireamh atá ag síorleathnú amach thar na spriocanna traidisiúnta agus ar na *modi-operandi* traidisiúnta, a bhfuil conarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta dá dtagraítear in Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 dírithe orthu, bhunaigh Coiste Chomhairle na hEorpa um Chomhrac na Sceimhlitheoireachta ('CCECS') meitheal a raibh sé de chúram uirthi measúnú a dhéanamh ar a riachtanaí agus a indéanta a bheadh sé sainmhíniú dlíthiúil ar 'chionta sceimhlitheoireachta' a leagan amach a bheadh le cur i bhfeidhm ag na Páirtithe i gCoinbhinsiún Uimh. 196. D'fhorbair an mheitheal sraith foirmlithe malartacha den sainmhíniú agus chuir sí an tuarascáil chríochnaitheach uaithi[5] faoi bhráid Chruinniú

[5] Tuarascáil chríochnaitheach Fhomheitheal CCEF chun scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé sainmhíniú ar an sceimhlitheoireacht a leagan amach, an 26 Meán Fómhair 2019 CDCT-DEF (2019)03rev

Iomlánach CCEF, atá comhdhéanta de Pháirtithe i gCoinbhinsiún Uimh. 196, i mí na Samhna 2019. Sa tuarascáil chríochnaitheach uaithi, mhol an mheitheal do Chruinniú Iomlánach CCEF a chinneadh go bhfuil sé indéanta agus riachtanach sainmhíniú dlíthiúil ar 'chionta sceimhlitheoireachta' a leagan amach i gCoinbhinsiún Uimh. 196, agus mhol sí eilimintí téacs le haghaidh sainmhíniú dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Le linn 2020 agus 2021, chuir saineolaithe ó Pháirtithe sa Choinbhinsiúin barúlacha i scríbhinn isteach maidir leis an tuarascáil chríochnaitheach. Níor chuir an tAontas Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach. Mar sin féin, sna barúlacha i scríbhinn uathu, chuir roinnt Ballstát den Aontas in iúl gur gá eilimintí de shainmhíniú dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar 'chionta sceimhlitheoireachta' ar leibhéal Chomhairle na hEorpa a ailíniú leis an sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' a leagtar síos i dTreoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[6].

In 2022, thug Coiste Airí Chomhairle na hEorpa sainordú do CCEF teacht ar chinneadh maidir lena indéanta atá sé sainmhíniú dlíthiúil ar 'chionta sceimhlitheoireachta' a leagan amach agus tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le téacs an tsainmhínithe dlí nua. An 2 Nollaig 2022, le linn an naoú cruinniú iomlánach a bhí ag CCEF, thángthas ar chomhaontú go bhfuil sé indéanta sainmhíniú dlíthiúil nua a leagan amach agus chinn sé d'aon toil caibidlíocht fhoirmiúil a chur ar bun le linn an 10ú cruinniú iomlánach a bheadh ag CCEF an 23-25 Bealtaine 2023[7].

An 15 Bealtaine 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc a athbhreithniú nó a leasú, d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a chuimsítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú. Bhí an Coimisiún rannpháirteach i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle agus bhí sé faoi threoir na dtreoracha caibidlíochta a leagtar amach ann. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go comhsheasmhach le coiste speisialta na Comhairle don chaibidlíocht maidir le seasamh an Aontais agus d'áirithigh sé comhoiriúnacht an Phrótacail le *acquis* ábhartha an Aontais.

Tionóladh na seisiúin chaibidlíochta i gcomhthéacs chruinnithe iomlánacha leathbhliantúla CDCT. Bhí ceithre sheisiún caibidlíochta ar an iomlán ann idir an 23 Bealtaine 2023 agus an 14 Samhain 2024. An 14 Samhain 2024, d'fhormheas Seisiún Iomlánach CDCT an dréacht-Phrótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc agus an dréacht-Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis. An 25 Meitheamh 2025, ghlac Comhthionóil Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa an tuairim uaidh maidir leis an dréacht-Phrótacal[8]. An 9 Iúil 2025, ag an 1534ú cruinniú de Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, ghlac an Coiste an Prótacal agus thug sé a thuarascáil mhíniúcháin dá aire[9]. An 10 Nollaig 2025, ag an 1546ú cruinniú de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa, chomhaontaigh an Coiste tús a chur leis an bPrótacal lena shíniú an 26 Bealtaine 2026 i Strasbourg (sa Fhrainc).

Tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse 3 mhí a dhul in éag i ndiaidh an dáta a léirigh gach Páirtí i gCoinbhinsiún Uimh. 196 a dtoiliú a bheith faoi

---

6 Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, an 31 Márta 2017, lch. 6).

7 an 9ú hEagrán Giorraithe den Tuarascáil ar an gCruinniú Iomlánach ó CCEF agus Liosta Chinntí an Chruinnithe, an 2 Nollaig 2022, lch. 4 CDCT(2022)16

8 Tuairim 307 ó Thionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa (2025)

9 Coiste Airí Chomhairle na hEorpa CM/Del/Dec (2025)1534/10.3

cheangal ag an bPrótacal. Mura dtarlóidh an méid sin, tar éis tréimhse 3 bliana a dhul in éag i ndiaidh an dáta a osclaíodh an Prótacal lena shíniú, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm i leith na Stát sin a bhfuil a dtoiliú a bheith faoi cheangal aige curtha in iúl acu, ar choinníoll go ndearna dhá thrian de na Páirtithe i gCoinbhinsiún 196 ar a laghad an Prótacal leasaitheach a dhaingniú.

Is féidir leis an Aontas Eorpach an Prótacal a shíniú agus a dhaingniú mar eagraíocht idirnáisiúnta atá ina páirtí i gCoinbhinsiún Uimh. 196.

**Na cúiseanna atá leis an togra**

Tá an Prótacal i gcomhréir le sprioc an Aontais maidir le comhar idirnáisiúnta a fheabhsú, agus leasanna urrúis an Aontais á gcur san áireamh, mar a leagtar amach sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach (ProtectEU)[10]. Mar a chuirtear i dtábhacht in ProtectEU: Clár Oibre chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac[11], cuirfear le comhrac uile-Eorpach na sceimhlitheoireachta leis an bPrótacal agus éascófar comhar idirnáisiúnta maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta, de bhua an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a chomhchuibhiú i measc Stáit Chomhairle na hEorpa a shíneoidh agus a dhaingneoidh an Prótacal.

Ar an gcéad dul síos, trí shainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta a thabhairt isteach, cuirfear breisluach substainteach ar fáil leis an bPrótacal don chomhar breithiúnach, cúnamh frithpháirteach dlí agus iarrataí ar eiseachadadh i measc na Stát is Páirtithe sa Phrótacal agus i gCoinbhinsiún Uimh. 196.

Ar an dara dul síos, trí shainmhíniú dlíthiúil níos leithne agus níos cuimsithí ar chionta sceimhlitheoireachta a ghlacadh, áiritheofar leis an bPrótacal go ndéanfar creat dlíthiúil Chomhairle na hEorpa maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta, a bhfuil an tAontas ina Pháirtí ann, i dteanna a mBallstát, a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhaimseartha maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus ar na dúshláin maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a bheidh ann amach anseo. Leis an nuachóiriú sin, beifear in ann na bearnaí a dhúnadh ó thaobh cionta sceimhlitheoireachta a dhéantar trí úsáid a bhaint as *modus operandi* agus ar bhonn gníomhartha coiriúla nach gcumhdaítear le conarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta atá i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196.

Ar an tríú dul síos, leis an sainmhíniú dlíthiúil sa Phrótacal urramaítear deimhneacht dhlíthiúil agus cuirtear feabhas suntasach ar chúrsaí i gcomparáid leis an sean-sainmhíniú ina ndearnadh tagairt do roinnt conarthaí de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta lena sainmhínítear gníomhartha coiriúla mar chionta sceimhlitheoireachta ar bhealach neamh-chomhchuibhithe. Dréachtaítear an sainmhíniú dlíthiúil nua ar bhealach soiléir beacht, agus leagtar amach i dtéarmaí ginearálta é agus tá sé intuigthe go soiléir ag na daoine sin atá faoi réir an dlí. Leis an sainmhíniú nua, sainaithnítear ar bhealach níos soiléire na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh chun go gcáileoidh gníomh mar chion sceimhlitheoireachta.

---

[10] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach; COM(2025) 148 final.

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le ProtectEU: Clár oibre chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac COM(2026) 101 final

Ar an gceathrú dul síos, tá an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta sa Phrótacal ailínithe agus comhoiriúnach le sainmhíniú an Aontais ar chionta sceimhlitheoireachta atá le fáil i dTreoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Aontas a chreat dlíthiúil a chaomhnú agus a áirithiú go leanfar de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm i measc Bhallstáit an Aontais. Thairis sin, a luaithe a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm, áiritheofar leis cóineasú dlíthiúil agus comhthuiscint ar an sceimhlitheoireacht i measc Stáit Chomhairle na hEorpa ar an leibhéal uile-Eorpach. Dá nglacfaí le sainmhíniú uile-Eorpach, d'fhéadfadh cur leis an bplé atá ar bun maidir le sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' i gcomhthéacs na caibidlíochta maidir leis an Dréachtchoinbhinsiún Cuimsitheach maidir leis an Sceimhlitheoireacht Idirnáisiúnta ar leibhéal na Náisiún Aontaithe[12].

Ar an gcúigiú dul síos, athdhearbhaítear le Brollach an Phrótacail gur cheart gach beart a dhéantar chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc nó a chur faoi chois a bheith i gcomhréir le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha, chomh maith le hoibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá an méid sin i gcomhréir leis an ardleibhéal coimircí chun cearta an duine, cearta bunúsacha agus an dlí idirnáisiúnta a chosaint agus a urramú i mbeartais maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta faoi dhlí an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Baineann ábhar an Phrótacail go díreach le comhrialacha an Aontais maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Níl ach foráil shubstainteach amháin sa Phrótacal lena mbunaítear sainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta trí é a bheith beartaithe an sainmhíniú atá in Airteagal 1 de Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc a mhodhnú.

An 15 Márta 2017, ghlac an tAontas Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Leagtar amach sa Treoir sainmhínithe comhchuibhithe ar chionta sceimhlitheoireachta agus ar chionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a fhónann mar thagarmharc i leith comhair agus malartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta. Ní mór do na Ballstáit a bhfuil an Treoir[13] á cur i bhfeidhm acu a áirithiú go ndéanfar na cionta a leagtar amach sa Treoir a choiriúlú faoina ndlíthe náisiúnta. Leagtar síos an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta in Airteagal 3 den Treoir ón Aontas maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. I gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta, bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún, in éineacht le Ballstáit an Aontais, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a bheith ann idir an Prótacal agus sainmhíniú an Aontais.

An sainmhíniú dlíthiúil atá sa Phrótacal, tá sé de chineál 'hibrideach', i gcás ina dtagraíonn an chéad chuid den sainmhíniú do na cionta a thagann faoi raon feidhme cinn de chonarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196 agus mar a shainmhínítear i gceann díobh agus ina soláthraítear leis an dara cuid liosta uileghabhálach de ghníomhartha a cháilíonn mar chionta sceimhlitheoireachta i gcás ina gcomhlíonann siad coinníollacha carnacha. Is ionstraimí seanbhunaithe domhanda iad na conarthaí a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196 i gcomhrac na sceimhlitheoireachta. Dá réir sin, rinne na Stáit is Páirtithe sna conarthaí sin na gníomhartha a shonraítear iontu a choiriúlú mar chionta ina gcreataí dlíthiúla náisiúnta. Tá sé tábhachtach go leanfaidh na páirtithe i gCoinbhinsiún Uimh.

---

12 Coiste *ad hoc* arna bhunú le rún 51/210 ón gComhthionól Ginearálta an 17 Nollaig 1996 – Toradh ar obair an Choiste *ad hoc*; an nuashonrú is déanaí: An 22 Bealtaine 2025

13 Níl feidhm ag Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an Danmhairg ná le hÉirinn.

196 dá gcur i bhfeidhm amach anseo, agus dá bhrí sin tá údar maith le sainmhíniú hibrideach a shaothrú.

Tá an dara cuid den sainmhíniú ar aon dul, den chuid is mó, le sainmhíniú an Aontais ar chionta sceimhlitheoireachta ach amháin gur eisiadh gníomhartha coiriúla a chumhdaítear cheana leis na conarthaí san Fhoscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196 ó liosta uileghabhálach na ngníomhartha. Is iad seo a leanas, go háirithe, na gníomhartha coiriúla sin: gabháil giall; scrios mór a dhéanamh ar ardán seasta atá suite ar an scairbh ilchríochach, ar dócha go gcuirfí saol an duine i mbaol dá bharr agus go mbeadh caillteanas mór eacnamaíoch mar thoradh air; aerárthaí agus longa a urghabháil; pléascáin a mhonarú, a shealbhú, a fháil, a iompar, a sholáthar nó a úsáid.

Cáilíonn liosta uileghabhálach na ngníomhartha coiriúla mar chionta sceimhlitheoireachta i gcás (i) ina ndéantar an gníomh d'aon ghnó; (ii) ina sainmhínítear an gníomh mar chion faoin dlí náisiúnta; (iii) ina bhféadfadh an gníomh, i bhfianaise a gcineáil nó a gcomhthéacs, damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta; (iv) ina ndéantar an gníomh agus aidhm sceimhlitheoireachta leis. Is iad seo a leanas na haidhmeanna sceimhlitheoireachta: 'imeaglú tromchúiseach a dhéanamh ar dhaonra', 'iallach míchuí a chur ar rialtas nó ar eagraíocht idirnáisiúnta gníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh' agus 'struchtúir bhunúsacha pholaitiúla, bhunreachtúla, eacnamaíochta nó shóisialta tíre nó eagraíochta idirnáisiúnta a dhíchobhsú go tromchúiseach nó a scriosadh'. Maidir leis na coinníollacha carnacha sin, tá an dara cuid go hiomlán comhoiriúnach le hAirteagal 3 den Treoir ón Aontas maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

Mar fhocal scoir, tá an Prótacal comhsheasmhach le rialacha agus beartais an Aontais, go háirithe bearta dhlí coiriúil an Aontais chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Prótacal comhsheasmhach le rialacha agus beartais ábhartha an Aontais Eorpaigh sna réimsí a chumhdófar leis (mar a thuairiscítear faoin Roinn '*Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana*'). Sa chomhthéacs níos leithne, tá an Prótacal comhsheasmhach le hionstraimí agus beartais dlí an Aontais arna nglacadh i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, faoi Theideal V de Chuid a Trí CFAE a rannchuidíonn le comhrac an Aontais i gcoinne na sceimhlitheoireachta, chomh maith le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile. Ní dhéantar difear do réimsí beartais eile de chuid an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Déantar foráil le hAirteagal 218(5) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, cuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear síniú an chomhaontaithe.

Molann an Coimisiún go ndéanfaí síniú an Phrótacail a údarú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn.

Is é Airteagal 218(5) an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe síniú an Phrótacail a údarú.

- **Bunús dlí substainteach**

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinnidh faoi Airteagal 218(5) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar comhaontaithe idirnáisiúnta atá le síniú. Má shaothraítear dhá aidhm le comhaontú idirnáisiúnta nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(5) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Ós rud é gurb é príomhchuspóir agus comhpháirt an Phrótacail an sainmhíniú ar chionta coiriúla i réimse na sceimhlitheoireachta a bhunú, go háirithe an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta, is é Airteagal 83(1) CFAE an bunús dlí substainteach.

I bhfianaise ábhar an Phrótacail, is iomchuí don Choimisiún an togra a chur faoi bhráid na Comhairle.

- **Inniúlacht an Aontais**

Foráiltear le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil an inniúlacht eisiach ag an Aontas Eorpach comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích (...) a mhéid a d'fhéadfadh a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú.' D'fhéadfadh comhaontú idirnáisiúnta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú más rud é go bhfuil forluí ag an gcomhaontú le reachtaíocht an Aontais nó go gcumhdaítear réimse an chomhaontaithe den chuid is mó le dlí an Aontais. D'fheidhmigh an tAontas Eorpach a inniúlacht sa réimse sin trí Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac a ghlacadh. Cumhdaítear bunús an Phrótacail, an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta, le dlí an Aontais i réimse chomhrac na sceimhlitheoireachta, go háirithe le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541. Ós rud é gurb ann do na sainmhínithe céanna beagnach ar chionta sceimhlitheoireachta sa Phrótacal agus i dTreoir (AE) 2017/541, d'fhéadfadh an Prótacal difear a dhéanamh do Threoir (AE) 2017/541 mar gheall ar an bhforluí idir an Prótacal agus Treoir (AE) 2017/541. Ina theannta sin, leis an bPrótacal Leasaitheach, leathnaítear raon feidhme na gcionta sceimhlitheoireachta faoin gCoinbhinsiún, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann, chuig cásanna nua (cásanna a aithnítear cheana féin faoi dhlí an Aontais mar chionta sceimhlitheoireachta). Ar an gcaoi sin, leathnófaí gealltanais an Aontais faoin gCoinbhinsiún chun na gníomhaíochtaí nua sin a chumhdach. Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas an Prótacal a shíniú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais atá i gceist a ghnóthú. Is é an tAontas is fearr atá in ann an Prótacal a shíniú mar gur fheidhmigh an tAontas inniúlacht inmheánach sa réimse seo cheana trí Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac a ghlacadh. Déantar foráil sa Treoir maidir le sainmhíniú de chuid an Aontais ar chionta sceimhlitheoireachta ina mbeidh rialacha íosta a bheidh le cur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ag Ballstáit an Aontais. Ós rud é go leasaítear leis an bPrótacal an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta ar leibhéal Chomhairle na hEorpa agus go gcumhdaítear an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta le dlí an Aontais, ba cheart don Aontas an Prótacal a shíniú.

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(5) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Le linn na caibidlíochta, chuaigh an Coimisiún, mar an t-ionadaí ón Aontas, i gcomhairle le coiste speisialta na Comhairle um an gcaibidlíocht i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaraítear don Choimisiún a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais. Mar Chomhaltaí de Chomhairle na hEorpa, bhí Ballstáit an Aontais in ann freastal ar na seisiúin chaibidlíochta uile. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle lena n-ionadaithe maidir le seasamh an Aontais a fhoirmliú le linn na caibidlíochta.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

I gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta a leag an Chomhairle síos, d'áirithigh an Coimisiún go n-áiritheofaí leis an gcaibidlíocht urraim do chearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha.

Athdhearbhaítear sa Bhrollach a ghabhann leis an bPrótacal (mír 5) go mbeidh na bearta uile a rinneadh chun cion sceimhlitheoireachta a chosc nó a chur faoi chois sa Phrótacal seo i gcomhréir le cearta daonna agus saoirsí bunúsacha ábhartha, go háirithe na cearta agus na saoirsí sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ETS Uimh. 5), mar aon le hoibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

Thairis sin, leasaítear Coinbhinsiún Uimh. 196 leis an bPrótacal. Nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm, leasóidh sé Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 agus déanfar é a chomhtháthú sa Choinbhinsiún do Stáit is Páirtithe a shíníonn agus a dhaingníonn an Prótacal. Dá bhrí sin, ní mór an Prótacal a léamh i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin. Foráiltear le Coinbhinsiún Uimh. 196 do choimircí láidre maidir le cearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, go háirithe in Airteagal 12 agus in Airteagal 26, míreanna 4 den Choinbhinsiún sin. Leagtar síos in Airteagal 12, mír 1 den Choinbhinsiún gur cheart cearta an duine agus oibleagáidí eile

faoin dlí idirnáisiúnta a urramú agus forálacha coiriúlaithe á gcur chun feidhme agus á gcur i bhfeidhm. Luaitear in Airteagal 26, mír 4 nach ndéanfaidh aon ní sa Choinbhinsiún difear do chearta, oibleagáidí agus freagrachtaí eile Páirtí agus daoine aonair faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá na coimircí sin comhoiriúnach leis an ardleibhéal coimircí maidir le cearta bunúsacha, cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac (Aithris 35, 37), agus tá siad ag teacht leis an ardleibhéal sin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon phlean cur chun feidhme ann, ós rud é nach bhfuil gá le haon ghníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun an Prótacal a chur chun feidhme. Tá sainmhíniú an Aontais ar chionta sceimhlitheoireachta comhoiriúnach leis an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a thugtar isteach leis an bPrótacal.

Maidir le faireachán, glacfaidh an Coimisiún páirt i gcruinnithe Chomhdháil na Stát is Páirtithe i gCoinbhinsiún Uimh. 196, a dhéanfaidh faireachán freisin ar chur chun feidhme an Phrótacail a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm agus lena leasaítear Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é is aidhm don Phrótacal an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta sa atá in Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 a mhodhnú chun sainmhíniú dlíthiúil níos leithne agus níos oiriúnaí ar chionta sceimhlitheoireachta a ghlacadh ar leibhéal Chomhairle na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhaimseartha maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus ar dhúshláin maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a bheidh ann amach anseo. Cuirfear breisluach substainteach ar fáil leis an bPrótacal seo don chomhar breithiúnach, cúnamh frithpháirteach dlí agus iarrataí ar eiseachadadh i measc na Stát is Páirtithe sa Phrótacal agus i gCoinbhinsiún Uimh. 196.

Is é Airteagal 1 príomhfhoráil agus an t-aon fhoráil shubstainteach amháin den Phrótacal. Is é is aidhm dó sainmhíniú dlíthiúil nua ar chionta sceimhlitheoireachta a chur in ionad Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196. Is é Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 an fhoráil maidir le 'téarmaíocht', ní foráil maidir le coiriúlú é. Leagtar síos ann an sainmhíniú ar 'chionta sceimhlitheoireachta' chun críocha an Choinbhinsiúin. Tá an sainmhíniú sin comhsheasmhach le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. An sainmhíniú dlíthiúil atá sa Phrótacal, tá sé de chineál 'hibrideach', i gcás ina dtagraíonn an chéad chuid den sainmhíniú do na cionta a thagann faoi raon feidhme cinn de chonarthaí na Náisiún Aontaithe maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a liostaítear san Fhoscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196 agus mar a shainmhínítear i gceann díobh agus ina soláthraítear leis an dara cuid liosta uileghabhálach de ghníomhartha a cháilíonn mar chionta sceimhlitheoireachta i gcás ina gcomhlíonann siad coinníollacha carnacha. Sa dara cuid den sainmhíniú soláthraítear liosta uileghabhálach na ngníomhartha coiriúla a cháilíonn mar chionta sceimhlitheoireachta i gcás (i) ina ndéantar an gníomh d'aon ghnó; (ii) ina sainmhínítear an gníomh mar chion faoin dlí náisiúnta; (iii) ina bhféadfadh an

gníomh, i bhfianaise a gcineáil nó a gcomhthéacs, damáiste tromchúiseach a dhéanamh do thír nó d'eagraíocht idirnáisiúnta; (iv) ina ndéantar an gníomh agus aidhm sceimhlitheoireachta leis. (*chun comparáid mhionsonraithe a dhéanamh le sainmhíniú an Aontais, féach an roinn thuas 'Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana'*)

Baineann Airteagal 2 le síniú agus daingniú. Soiléirítear ann go mbeidh an Prótacal ar oscailt lena shíniú ag Páirtithe i gCoinbhinsiún Uimh. 196, Coinbhinsiún a leasaítear leis an bPrótacal. Beidh sé faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta, agus taiscfear na hionstraimí le haghaidh na gcaingne sin le hArdrúnaí Chomhairle na hEorpa.

Leagtar amach in Airteagal 3 conas agus cathain a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm. Tá dhá bhealach ann ina dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm: (i) ar an gcéad lá den mhí tar éis 3 mhí a dhul in éag i ndiaidh an dáta a chuir na Páirtithe uile sa Choinbhinsiún in iúl a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal *nó* (ii) tar éis 3 bliana a bheith caite tar éis an dáta a osclaíodh é lena shíniú, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm i leith na Stát sin a bhfuil a dtoiliú a bheith faoi cheangal aige curtha in iúl acu, ar choinníoll go bhfuil an Prótacal daingnithe ag dhá thrian de na Páirtithe sa Choinbhinsiún ar a laghad. Leagtar síos san Airteagal seo freisin rialacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail. Roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail, féadfaidh aon Pháirtí a dhearbhú (tráth an tsínithe nó tráth ar bith ina dhiaidh sin) go gcuirfidh sé an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach. Sna cásanna sin, ní bheidh feidhm ag forálacha an Phrótacail ach amháin maidir leis na Páirtithe eile sa Choinbhinsiún a rinne dearbhú a bhfuil an éifeacht chéanna leis.

Leagtar síos in Airteagal 4 go rachaidh na dearbhuithe arna ndéanamh ag na Páirtithe de bhun Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196 in éag ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail. Le hAirteagal 1, mír 2, den Choinbhinsiún, ceadaítear do Stát is Páirtí nó don Aontas Eorpach nach bhfuil ina pháirtí i gconradh a liostaítear i bhFoscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún Uimh. 196 a dhearbhú go meastar nach bhfuil an conradh sin san Fhoscríbhinn chun an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí lena mbaineann. Níor eisigh an tAontas Eorpach dearbhú de bhun Airteagal 1 de Choinbhinsiún Uimh. 196, dá bhrí sin tá ábharthacht theoranta ag an bhforáil sin don Aontas.

Soiléirítear in Airteagal 5 nach gceadaítear aon fhorchoimeádas i ndáil le forálacha an Phrótacail.

Le hAirteagal 6 ceanglaítear ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa fógra a thabhairt do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa agus d'aon Pháirtí eile i gCoinbhinsiún Uimh. 196 maidir leis na nithe seo a leanas: (i) aon síniú, (ii) taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasa, (iii) dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail agus (iv) aon ghníomh, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an bPrótacal.

Tá Tuarascáil Mhíniúcháin ag gabháil leis an bPrótacal a thug Coiste Airí Chomhairle na hEorpa dá aire nuair a ghlac siad an Prótacal an 9 Iúil 2025. Ní ionstraim í an Tuarascáil Mhíniúcháin lena dtugtar léirmhíniú údarásach ar an bPrótacal, ach tá sé beartaithe léi cur i bhfeidhm fhorálacha an Phrótacail ag na Páirtithe a éascú.

- **Síniú agus téacs an Chomhaontaithe**

Cuirtear téacs an Phrótacail faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Prótacal, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

Moladh le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Bealtaine 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc a athbhreithniú nó a leasú, d'fhonn an sainmhíniú ar chionta sceimhlitheoireachta a chuimsítear sa Choinbhinsiún sin a mhodhnú. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil nuair a cuireadh inisealacha leis an gComhaontú.

(2) An 9 Iúil 2025, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('an Prótacal') agus thug sé a thuarascáil mhíniúcháin dá aire. An 10 Nollaig 2025, chomhaontaigh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa tús a chur leis an bPrótacal lena shíniú an 26 Bealtaine 2026 i Strasbourg na Fraince.

(3) Tá an Prótacal i gcomhréir le cuspóirí slándála an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, mar atá trí dhlíthe coiriúla a chomhfhogasú chun ardleibhéal slándála a áirithiú chun an choireacht a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht.

(4) Leis an bPrótacal leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc trí shainmhíniú modhnaithe a tugadh isteach leis an bPrótacal a chur in ionad an tsainmhínithe ar 'chionta sceimhlitheoireachta' atá in Airteagal 1 de.

(5) Leis an sainmhíniú modhnaithe ar chionta sceimhlitheoireachta sa Phrótacal, tugtar aghaidh ar an ngá sainmhíniú dlíthiúil níos leithne agus níos oiriúnaí ar chionta sceimhlitheoireachta a ghlacadh ar leibhéal Chomhairle na hEorpa chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhaimseartha maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta agus ar dhúshláin maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta a bheidh ann amach anseo.

(6) Leis an bPrótacal, trí shainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta a thabhairt isteach, cuirfear breisluach substainteach ar fáil don chomhar breithiúnach, cúnamh frithpháirteach dlí agus iarrataí ar eiseachadadh i measc na Stát is Páirtithe sa Phrótacal agus i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc.

(7) Trína rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, thar ceann an Aontais, d'áirithigh an Coimisiún comhoiriúnacht an Phrótacail le rialacha ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Go háirithe, tá an sainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta a thugtar isteach leis an bPrótacal comhoiriúnach agus comhsheasmhach le sainmhíniú an Aontais ar chionta sceimhlitheoireachta a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/541 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(8) Athdhearbhaítear i mBrollach an Phrótacail go mbeidh na bearta uile a rinneadh chun cionta sceimhlitheoireachta a chosc nó a chur faoi chois sa Phrótacal seo i gcomhréir le cearta daonna agus saoirsí bunúsacha ábhartha, go háirithe na cearta agus na saoirsí sin a chumhdaítear sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, mar aon le hoibleagáidí eile faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá an méid sin i gcomhréir le cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus coimircí dlí idirnáisiúnta agus bearta cosanta faoi dhlí an Aontais.

(9) Ós rud é gur Páirtí é an tAontas Eorpach i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc, tá an Prótacal ar oscailt lena shíniú ag an Aontas.

(10) Tríd an Aontas Eorpach an Prótacal a shíniú go pras, cuirfear i dtábhacht tacaíocht an Aontais Eorpaigh do shainmhíniú coiteann uile-Eorpach ar ‘chionta sceimhlitheoireachta’ lena bhfeabhsófar iarrachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta maidir le comhrac na sceimhlitheoireachta. Trí shíniú pras an Phrótacail éascófar teacht i bhfeidhm tráthúil an Phrótacail freisin.

(11) Le linn na chéad 3 bliana tar éis shíniú an Phrótacail, ní mór do na páirtithe uile sa Choinbhinsiún a dtoiliú a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl. Tar éis na 3 bliana sin, tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm maidir leis na páirtithe sin a léirigh a dtoiliú a bheith faoi cheangal aige, ar choinníoll go bhfuil an líon páirtithe sin comhionann, ar a laghad, le 2/3 de na páirtithe sa Choinbhinsiún. Ós rud é go bhfuil na Ballstáit ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún freisin, ciallaíonn sé sin nach dtiocfadh an Prótacal i bhfeidhm riamh mura gcuirfidís a dtoiliú a bheith faoi cheangal aige in iúl. Ós rud é go dtagann an Prótacal faoi inniúlacht eisiach an Aontais, ní bheadh na Ballstáit in ann gníomhú gan bheith cumhachtaithe ag an Aontas. Dá bhrí sin, is iomchuí go n-údarófaí do na Ballstáit a bheith ina bpáirtithe, in éineacht leis an Aontas, sa Phrótacal chun leas an Aontais.

(12) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir dar dáta ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.’]

(13) NÓ

(14) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.’]

(15) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm

(16) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail lena leasaítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um Sceimhlitheoireacht a Chosc ('an Prótacal') thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear do na Ballstáit an Prótacal a shíniú, in éineacht leis an Aontas, chun leas an Aontais agus lánurraim á tabhairt dá inniúlacht eisiach.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*